Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 38

# Sláinte

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, réitigh mé an cuntas faoi iamh ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Sláinte agus maidir le seirbhísí áirithe eile a chuir an Oifig sin ar fáil, lena n-áirítear deontais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana.

Dlitear barrachas €2.369 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas iad seo a leanas:

***Íocaíochtaí don FSS***

Cuirtear cistí ar aghaidh chuig an FSS maidir le soláthar seirbhísí ar bhonn deontais, de réir an mhaoinithe a leagtar amach sa Litir Chinnidh a eisítear chuig an FSS, ag leagan amach a leibhéal faofa maoinithe. Gearradh an tsuim iomlán a íocadh don FSS in aghaidh na bhfo-cheannteideal ábhartha. Ba é luach an mhaoinithe dheontais a íocadh don FSS i 2017 ná €XX billiún (2016: €13.92 billiún). Mínítear seo thar 17 fho-cheannteideal – gach fo-cheannteideal ó H. go L.4, gan L.1 a chur san áireamh, a bhaineann le caiteachas caipitil na Roinne. Aicmíonn cuid de na fo-cheannteidil seo caiteachas ar bhonn tíreolaíoch seachas ar bhonn cláir.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar go cuí iad, agus go ndéantar aon earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialaithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Is é an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chomhlíonann an fheidhm párolla agus an fheidhm acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Is é Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 freisin agus tá freagracht air as oibriú na rialaithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Seirbhíse/an Chomhaontaithe Soláthar Feidhmíochta atá ann idir an Roinn/an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhís chomhroinnte (e.g. seirbhís acmhainní daonna) a sholáthar. Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialaithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don Roinn/don Oifig seo.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú
- is ann do Choiste Iniúchóireachta a bhfuil sé de dhualgas air comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach um nósanna imeachta riaracháin agus um thuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha.
- Córas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.
- Cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ann ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Ní ag teacht leis na treoirlínte soláthair a bhí dhá chonradh dar luach iomlán €288,737 a cuireadh ar áireamh i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Bhain conradh amháin dar luach €229,375 le cóiríocht oifige, áit ar cuireadh an tairiscint do chonradh nua siar go dtí an bhliain 2018 ar feitheamh athlonnú chuig áitreabh nua. Bhain an conradh eile dar luach €59,362 le seirbhísí teileafóin agus cumarsáide, áit ar mhol an Oifig um Sholáthar Rialtais go leanfaí leis an soláthraí reatha a úsáid go dtí go mbeadh creat nua i bhfeidhm i mí Eanáir 2018.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí agus go n-oibríonn an fheidhm sin de réir cairt scríofa atá faofa agam. Bíonn obair na feidhme iniúchóireachta bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a mbíonn an Roinn neamhchosanta orthu. Bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí arna gceadú agam bunaithe ar an anailís sin freisin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialaithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca seo a mhaolú.

Cheadaigh an bord bainistíochta beartas bainistíochta riosca i mí na Samhna 2017 agus chuir sé fochoiste riosca ar bun i mí Feabhra 2018.

Tá clár rioscaí in áit a aithníonn na príomh rioscaí don roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil.Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

***Rialachas san Earnáil Sláinte***

Ag teacht sna sála ar fhoilsiú an leagain athbhreithnithe den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag deireadh na bliana 2016, d'oibrigh an Roinn le linn na bliana 2017 chun treisiú leis an gcur chuige a ghlacann sí i leith rialachas a bhainistiú ar fud na hearnála sláinte. Tugtar faoi mhaoirseacht na comhlachtaí faoi choimirce ag aonaid sainithe laistigh den Roinn treoirithe ag leibhéal Oifigigh Shinsearaigh l ionchur agus tacaíocht ó Aonad Rialachais na Roinne agus aonaid ábhartha eile.

Is ar an mBord agus ar Chathaoirleach an Bhoird atá an freagracht as sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí atá faoi choimirce a sheachadadh, nó i gcás an FSS, ar a hÁrd Rúnaí.

Tríd is tríd, tá an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí atá faoina coimirce bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- an reachtaíocht lenar bunaíodh an comhlacht lena mbaineann; agus
- na ceanglais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Faoin gCód Cleachtais athbhreithnithe, bhí Comhaontuithe Maoirseachta agus Comhaontuithe Soláthar Feidhmíochta i bhfeidhm i mí Lúnasa 2018 le formhór na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne. Úsáidtear an cur chuige sin chun díriú ar aschuir agus ar thorthaí. Áirítear leis táscairí feidhmíochta a bhfuil mar aidhm leo a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil araon chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar.

Ullmhaíonn FSS Plean Corparáideach a chlúdaíonn tréimhse trí bliana agus faomhadh an tAire Sláinte é. Ina theannta sin, gach bliain, ullmhaíonn FSS Plean Seirbhíse Náisiúnta lena leagtar amach cineál agus méid na seirbhísí a bhfuil sé ar intinn aige a chur ar fáil don mhaoiniú atá ar fáil. Tá an plean seo faofa ag an Aire Sláinte. Cuirtear tuarascálacha feidhmíochta isteach go míosúil ar a laghad ag FSS le linn na bliana, agus déantar cruinnithe feidhmíochta míosúla idir an dá eagraíocht.

Maidir le comhlachtaí coiteanna eile, soláthraíonn reachtaíocht go ginearálta le haghaidh Plean Corparáide ilbhliantúil agus Plean Gnó bliantúil. Tugann na pleananna seo deis do straitéis chorparáideach foriomlán agus tosaíochtaí bliantúla a fhorbairt agus a aontú leis an Roinn faoi seach.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha Airgeadais***

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach airgeadais i dtaca leis an mbliain 2017 aon laigí is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Jim Breslin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

12 Meán Fómhair 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 38 Sláinte

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Sláinte agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

***Ag tuairisciú faoi nithe a eascraíonn ón iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 15 agus 16 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2017 do nithe áirithe eile a bhaineann le Vota 38 Sláínte.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2018

## Vóta 38 Sláinte
## Cuntas Leithreasa 2017

| Seirbhís | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1 | Tuarastail, pá agus liúntais | | 29,962 | 26,133 | 23,562 |
| A.2 | Taisteal agus cothabháil | | 654 | 427 | 375 |
| A.3 | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 1,150 | 1,046 | 881 |
| A.4 | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 730 | 353 | 343 |
| A.5 | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | 2,323 | 2,160 | 1,742 |
| A.6 | Speansais ar áitreabh oifige | | 700 | 440 | 411 |
| A.7 | Seirbhísí sainchomhairle agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartas | | 1,250 | 1,341 | 705 |
| **Deontais** | | | | | |
| B.1 | Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais eile taighde | | 38,000 | 37,093 | 34,763 |
| B.2 | Ciste Éirinn Shláintiúil | | 5,000 | 5,000 | 3,286 |
| B.3 | Tionscnamh drugaí | | 6,026 | 5,673 | 5,806 |
| **Seirbhísí eile** | | | | | |
| C. | Speansais i dtaca leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile | | 3,100 | 2,324 | 2,635 |
| D. | Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí dlí agus socruithe ilghnéitheacha | | 4,000 | 6,256 | 15,494 |
| E.1 | Comhlachtaí forbraíochta, comhairleachta, maoirseachta, rialála agus comhairleacha | | 57,366 | 53,016 | 52,200 |
| E.2 | An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia | | 5,691 | 5,351 | 5,236 |
| E.3 | An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | | 20,100 | 22,600 | 5,100 |
| E.4 | INTERREG na hÉireann/Thuaisceart Éireann | | 100 | 153 | — |
| F.1 | Íocaíochtaí i leith míchumais de dheasca Tailídimíde | | 745 | 381 | 406 |
| F.2 | Íocaíochtaí i leith daoine ar éiligh go ndearna vacsaíniú díobháil dóibh | | 1 | — | — |
| F.3 | Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002 | | 21,786 | 15,299 | 18,400 |

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Seirbhísí eile (ar lean)** | | | | | | |
| F.4 | Íocaíochtaí le cuntas cúitimh a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002 | | | 3,849 | 2,379 | 3,000 |
| G. | Scaipeadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseachán maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte | | | 1,513 | 1,162 | 1,948 |
| **Riaracháin Chorparáidigh** | | | | | | |
| H. | Íocaíochtaí cnapshuime pinsin | | | 96,000 | 108,570 | 99,030 |
| **Réigiúin FSS agus Gníomhaireachtaí Eile Sláinte** | | | | | | |
| I.1 | FSS - Réigiún Bhaile Átha Cliath agus Laighean Láir | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 1,512,607 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 16,366 | 1,528,973 | 1,523,537 | 1,435,278 |
| I.2 | FSS – Réigiún Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 1,352,297 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 14,632 | 1,366,929 | 1,362,203 | 1,282,842 |
| I.3 | FSS – Réigiún an Deiscirt | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 2,099,067 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 22,712 | 2,121,779 | 2,114,444 | 1,991,745 |
| I.4 | FSS – Réigiún an Iarthair | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 2,325,438 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 25,161 | 2,350,599 | 2,342,474 | 2,207,720 |
| I.5 | Deontais i leith comhlachtaí áirithe eile sláinte, lena n-áirítear boird ospidéil dheonaigh agus comhbhoird ospidéil | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 2,414,933 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 26,129 | 2,441,062 | 2,532,125 | 2,398,827 |
| **Seirbhísí Eile FSS** | | | | | | |
| J.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí cosúla (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | 7,513 | 2,700 | 4,255 |
| J.2 | Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta – an tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006 | | | 2,000 | — | 650 |
| J.3 | Íocaíocht le cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2006 - Scéim Árachais | | | 1,500 | 785 | 1,747 |
| J.4 | Forbairtí seirbhíse agus tionscadail nuálacha soláthar seirbhíse | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 60,000 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 40,000 | 100,000 | 30,010 | 70,000 |

| | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| J.5 | Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 224,000 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 50,000 | 274,000 | 283,221 | 228,911 |
| J.6 | Seirbhísí do dhaoine faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú ó chuntais dhíomhaoine) | | 2,700 | 883 | 1,276 |
| **An Clár Cúraim** | | | | | |
| K.1 | Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil agus scéimeanna arna dtreorú ag an éileamh ón bpobal | | 2,807,300 | 2,809,033 | 2,761,633 |
| K.2 | Cúram cónaithe fadtéarmach | | 939,902 | 942,522 | 921,656 |
| **Seirbhísí Caipitil** | | | | | |
| L.1 | Deontais i leith tógáil, trealmhú (TFC san áireamh) | | 14,527 | 13,068 | 11,169 |
| L.2 | Tógáil, trealmhú agus fearastú na saoráidí sláinte agus na saoráidí ardoideachais | | 381,461 | 382,380 | 351,220 |
| L.3 | Tógáil, trealmhú agus fearastú na saoráidí sláinte (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 2,539 | 2,539 | 2,539 |
| L.4 | Seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte | | 158,700 | 158,695 | 160,429 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 14,606,530 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 195,000 | **14,801,530** | **14,798,316** | **14,107,220** |
| | *Luíde* | | | | |
| M. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **460,221** | **459,376** | **460,408** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 14,146,309 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 195,000 | **14,341,309** | **14,338,940** | **13,646,812** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid fheidhmithe a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas lena ghéilleadh** | 2,369,157 | 2,221,193 |

**Jim Breslin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte
29 Márta 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas ar riarachán | | 31,900 | 28,019 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 14,766,416 | 14,079,201 |
| **Ollchaiteachas** | | **14,798,316** | **14,107,220** |
| *Luíde* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **459,376** | **460,408** |
| **Glanchaiteachas** | | **14,338,940** | **13,646,812** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (147) | | |
| Dímheas | 125 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | — | (22) | (24) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | 238 | | |
| Méadú ar stoc | 22 | | |
| | | 260 | (66) |
| **Caiteachas díreach** | | **14,339,178** | **13,646,722** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 15,736 | 9,619 |
| Measchíosanna | | 2,004 | 2,004 |
| **Glanchostas clár** | | **14,356,918** | **13,658,345** |

### 1.1 Glanchaiteachas Seirbhísí Gaolmhara

Tá glanmhéid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas a iompraíodh áit eile i ndáil le Vóta 38.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 231 | 167 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir | m | 8,769 | 7,696 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 6,426 | 1,472 |
| Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte | m | 52 | — |
| Lárchiste – pinsin Airí | m | 258 | 284 |
| | | **15,736** | **9,619** |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá san uimhir.

## Nóta 2 Ráiteas Maidir leis an Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | **321** | **623** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | 2.3 | 69 | 91 |
| Réamhíocaíochtaí | | 188 | 167 |
| Ioncam fabhraithe | | 177 | 128 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 8,958 | 19,595 |
| Glanmhaoiniú Státchiste atá dlite | 2.6 | 3,394 | 5,481 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **12,786** | **25,462** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 748 | 440 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 1,386 | 475 |
| Banc agus airgead tirim | | 10,966 | 24,601 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **13,100** | **25,516** |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais) Reatha** | | (314) | (54) |
| **Glansócmhainní** | | **7** | **569** |
| **Ionadaithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoinithe Stáit** | 2.1 | **7** | **569** |

### 2.1 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Iarmhéid ag 1 Eanáir** | | | 569 | **470** |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas* | 14,341,309 | | |
| Barrachas lena ghéilleadh | Cuntas* | (2,369) | | |
| Vóta glan | | | 14,338,940 | 13,646,812 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh áit eile | 1 | | 15,736 | 9,619 |
| Caiteachas neamhairgid thirim – measchíos | 1 | | 2,004 | 2,004 |
| Mír eile neamhairgid – fabhrú caipitil | | | — | 9 |
| Coigeartú sócmhainní | 2.2 | | (324) | — |
| Glanchostas clár | 1 | | (14,356,918) | (13,658,345) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | 7 | **569** |

*Nóta: tagraíonn “Cuntas” don Chuntas Leithreasa

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 2,264 | 1,972 | 4,236 |
| Breiseanna | 147 | — | 147 |
| Coigeartú[1] | — | 24 | 24 |
| Diúscairtí[2] | (756) | (818) | (1,574) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 1,655 | 1,178 | 2,833 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 1,667 | 1,946 | 3,613 |
| Dímheas don bhliain | 115 | 10 | 125 |
| Dímheas ar dhiúscairtí[2] | (408) | (818) | (1,226) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | 1,374 | 1,138 | 2,512 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **281** | **40** | **321** |
| | | | |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 597 | 26 | 623 |

[1] Tháinig an coigeartú as an athbhreithniú ar shócmhainní caipitil a cuireadh i gcrích i dtús na bliana 2018. Cinneadh san athbhreithniú sin gur baineadh troscán agus feistis áirithe go mícheart den chlár sócmhainní i mblianta roimhe. Tugadh tearc-chuntas ar shócmhainní caipitil dá bharr sin. Nuair a baineadh na sócmhainní sin go mícheart den chlár, níor coigeartaíodh an dímheas carntha gaolmhar. Dá bhrí sin, ní gá an t-iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2017 a choigeartú.

[2] Ag eascairt as an athbhreithniú thuasluaite ar shócmhainní caipitil, rinneadh roinnt sócmhainní (a raibh glanluach nialasach leabhar ar a bhformhór) nach raibh i bhfeidhm le linn an fardal a dhéanamh a bhaint den chlár sócmhainní sa bhliain 2017. Tá baint na sócmhainní sin den chlár sócmhainní freagrach as an gcuid is mó de na diúscairtí sa bhliain 2017.

## 2.3 Stoic

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | €000 | €000 |
| | | |
| Páipéarachas | 25 | 20 |
| Tomhaltáin TF | 44 | 71 |
| | **69** | **91** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastail in-aisghafa | 125 | 30 |
| Caiteachas taistil in-aisghafa | 12 | 5 |
| Caiteachas in-aisghafa na scéime pas taistil | 46 | 152 |
| Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C | 8,763 | 18,001 |
| Airgead tirim FSS rótharraingthe | — | 1,388 |
| Míreanna dochair eile sa chuntas fionraí | 12 | 19 |
| | **8,958** | **19,595** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim agus Muirear Sóisialta Uilíoch | 616 | — |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 257 | — |
| Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla | 31 | 37 |
| Cáin Bhreisluacha | 2 | 1 |
| | 906 | 38 |
| Míreanna sochair eile sa chuntas fionraí | 480 | 437 |
| | **1,386** | **475** |

## 2.6 Glanmhaoiniú Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachais leithreasaí lena ngéilleadh | 2,369 | 2,221 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (5,763) | (7,702) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste atá dlite** | **(3,394)** | **(5,481)** |
| **Ionadaithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: míreanna fionraí | 8,958 | 19,595 |
| | 8,958 | 19,595 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (906) | (38) |
| Banc agus airgead tirim | (10,966) | (24,601) |
| Iarmhéideanna sochair: míreanna fionraí | (480) | (437) |
| | (12,352) | (25,076) |
| | **(3,394)** | **(5,481)** |

## 2.7 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **(a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Ceannach earraí agus seirbhísí | 1,263 | 1,067 |
| Cláir dheontais | 5,664 | 5,614 |
| Cláir dheontais chaipitil | 18,835 | 28,789 |
| Iomlán na gceangaltas a bhí infhorfheidhmithe le dlí | **25,762** | **35,470** |

| **b) Cláir Dheontais Chaipitil** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 28,789 | 38,801 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (9,954) | (10,012) |
| Ceangaltais deontais nua | — | — |
| Iarmhéid deiridh | **18,835** | **28,789** |

**c) Mórcheangaltais Chaipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2016 | Caiteachas sa bhliain 2017 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Iomlán an chaiteacha is mheasta thar shaolré an tionscadail 2017 | Iomlán an chaiteachais mheasta thar shaolré an tionscadail 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Saoráidí Taighde Chliniciúil an Bhoird Taighde Sláinte:** | | | | | |
| Ospidéal San Séamas agus Líonra Taighde Chliniciúil Bhaile Átha Cliath[1] | 11,264 | 805 | 877 | 12,946 | 12,921 |
| **Iomlán** | **11,264** | **805** | **877** | **12,946** | **12,921** |

[1] Baineann an caiteachas seo le maoiniú caipitil le haghaidh sraith tionscadal taighde leighis atá á seoladh in ionad taighde atá lonnaithe in Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath.

## Nóta 3 Difríochtaí Caiteachais de réir Fo-cheannteidil

Tugtar míniú thíos maidir le gach fo-cheannteideal caiteachais i gcás go raibh an toradh a bhain leo breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an soláthar meastacháin bunaidh agus go raibh sé breis is 5% níos mó nó níos lú ná an soláthar meastacháin bunaidh (25% i gcás fo-cheannteideal riaracháin). Tá géilleadh foriomlán ann agus freastalaítear ar an gcaiteachas iomarcach ar roinnt fo-cheannteideal trí aistriú na gcoigiltí ar roinnt fo-cheannteideal eile.

### Caiteachas Riaracháin

*A.2* *Taisteal agus cothabháil*

Soláthar meastacháin: €0.654 milliún, toradh: €0.427 milliún

Tháinig an tearc-chaiteachas €0.228 milliún ar thaisteal agus cothabháil as an gcaiteachas ar thaisteal oifigiúil a bheith níos ísle ná a measadh. Bhí sé sin inchurtha go páirteach i leith folúntais foirne agus i leith moilleanna ar phearsana a earcú.

*A.4* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar meastacháin: €0.730 milliún, toradh: €0.353 milliún

Tháinig an tearc-chaiteachas €0.377 milliún ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide as na coigiltí a rinneadh ar mhuirir theileafóin agus as athlonnú na Roinne a athsceidealú go dtí an bhliain 2018.

*A.6* *Speansais ar áitreabh oifige*

Soláthar meastacháin: €0.700 milliún, toradh: €0.440 milliún

Tháinig an tearc-chaiteachas €0.260 milliún ar áitreabh oifige as an méid laghdaithe a caitheadh ar chothabháil foirgnimh ar feitheamh athlonnú na Roinne.

### Deontais do Ghníomhaireachtaí

*B.3* *Tionscnamh drugaí*

Soláthar meastacháin: €6.026 milliún, toradh: €5.673 milliún

Áiríodh leis an meastachán suim €0.33 milliún a bhain le caiteachas a thabhaigh an Roinn i leith an Choiste Chomhairligh Náisiúnta ar Dhrugaí agus Alcól. Ba chuig an mBord Taighde Sláinte a aistríodh an fhreagracht as an gCoiste sin le linn na bliana 2017. Mar thoradh air sin, níor thabhaigh an Roinn ach caiteachas €0.085 milliún ina leith. Bhí tearc-chaiteachas (€0.1 milliún) ann ar thascfhórsaí áitiúla agus réigiúnacha drugaí le linn na bliana freisin.

## Seirbhísí Eile

*C. Speansais i dtaca leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile*

Soláthar meastacháin: €3.1 milliún, toradh: €2.324 milliún

Tháinig an t-easnamh €0.776 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin as soláthar breise a bheith ann san fho-cheannteideal chun freastal ar luaineachtaí airgeadra a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le híocaíocht an tsíntiúis bhliantúil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Mar a tharla, ba lú na luaineachtaí a tháinig chun cinn ná iad sin a ndearnadh soláthar dóibh.

*D. Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí dlí ilghnéitheacha agus socruithe dlí ilghnéitheacha*

Soláthar meastacháin: €4 milliún, toradh: €6.256 milliún

Bhí an caiteachas €2.256 milliún níos airde ná an méid a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán. Bhí an caiteachas i leith éileamh €1.5 milliún níos airde ná a tuaradh mar gur tugadh líon beag éileamh mór chun críche le linn na bliana 2017. Ina theannta sin, thabhaigh an Roinn caiteachas €0.522 milliún i dtaca leis an gcoimisiún imscrúdúcháin (nithe áirithe i dtaobh seirbhís míchumais san oirdheisceart agus nithe gaolmhara) le linn na bliana 2017. Ós rud é gur cuireadh an t-imscrúdú sin ar bun i mí an Mhárta 2017, ní raibh aon soláthar déanta dó cheana féin sa mheastachán don bhliain.

*E.1 Comhlachtaí forbraíochta, comhairleachta, maoirseachta, rialála agus comhairleacha*

Soláthar meastacháin: €57.366 milliún, toradh: €53.016 milliún

Tríd is tríd, bhí an caiteachas sa réimse seo €4.35 milliún níos ísle ná an méid a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán. Réamhíocann an Roinn cistí le gníomhaireachtaí sláinte suas go leibhéal ceadaithe caiteachais nó suas go dtí an leibhéal caiteachais iarbhír, cibé acu is lú. Bhí an caiteachas iarbhír €2.28 milliún níos ísle ná an méid ar buiséadaíodh dó i roinnt gníomhaireachtaí. Tháinig sé sin go príomha as na moilleanna a bhí ann ar fholúntais foirne a líonadh le linn na bliana 2017.

Ba iad na príomhghníomhaireachtaí a bhí i gceist leis sin ná an Coimisiún Meabhair-Shláinte (€1.274 milliún), an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (€0.823 milliún) agus Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (€0.158 milliún). Ina theannta sin, rinneadh soláthar sa mheastachán do chaiteachas €2 mhilliún chun freastal ar na costais forbraíochta aonuaire a bheadh i gceist leis an obair bhreise a dhéanfadh an Bord Altranais agus Cnáimhseachais i dtaca le cur chun feidhme iomlán Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011. Níor tarraingíodh an maoiniú sin anuas mar gur cuireadh na tionscadail chaipitil a bhí beartaithe siar go dtí an bhliain 2018.

*E.2 An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia*

Soláthar meastacháin: €5.691 milliún, toradh: €5.351 milliún

Bhí easnamh €0.34 milliún ann ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar go raibh an t-airgead sin faoi réir maoiniú meaitseála cuí a fháil ó Roinn Sláinte Thuaisceart Éireann. Ní raibh Roinn Sláinte Thuaisceart Éireann in ann an chuid deiridh den mhaoiniú meaitseála sin a dheimhniú roimh dheireadh na bliana agus, dá bharr sin, coinníodh an maoiniú a bhí fágtha siar.

*E.3 An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála*

Soláthar meastacháin: €20.1 milliún, toradh: €22.6 milliún

Bhí méadú €2.5 milliún ann ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gur soláthraíodh gnáthaimh do 213 othar eile a bhí ar liostaí feithimh le haghaidh cóireáil chardatóracsach, cóireáil dromlaigh agus cóireáil ortaipéideach. Ba trí aistriú cistí a freastalaíodh ar an méadú sin. Vótáladh meastachán forlíontach €40 milliún chuig fo-cheannteideal J.4 don Tionscnamh Geimhridh. Ba chuig fo-cheannteideal E.3 a aistríodh €2.5 milliún den mheastachán forlíontach sin.

*E.4* *INTERREG na hÉireann/Thuaisceart Éireann*

Soláthar meastacháin: €0.1 milliún, toradh: €0.153 milliún

Tháinig an méadú €0.053 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin as an bhfíric gurb é an Comhlacht um Chláir Speisialta AE a iarrann íocaíochtaí faoin bhfo-cheannteideal seo agus go mbíonn na híocaíochtaí sin bunaithe ar íocaíochtaí iarbhír a rinneadh le tionscadail faoin scéim. De bharr chineál chlár INTERREG, bíonn sé doiligh uainiú na n-iarrataí ar mhaoiniú tionscadail a thuar, go háirithe i gcás gur gá ceisteanna a réiteach le linn an phróisis fíorúcháin.

*F.1* *Íocaíochtaí i leith míchumais de dheasca tailídimíde*

Soláthar meastacháin: €0.745 milliún, toradh: €0.381 milliún

Bhí easnamh ann mar nár cuireadh an próiseas idirghabhála i gcrích go fóill agus nár íocadh na costais €0.364 milliún a ndearnadh soláthar dóibh sa mheastachán.

*F.3* *Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002*

Soláthar meastacháin: €21.786 milliún, toradh: €15.299 milliún

Bhí easnamh €6.487 milliún ann ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gur tháinig laghdú ar mheánluach na ndámhachtainí a rinne an Binse sa bhliain 2017 agus mar nach raibh an Roinn in ann líon ná luach na ndámhachtainí a dhéanfadh an Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus HIV, atá neamhspleách ar an Roinn, a thuar go cruinn.

*F.4* *Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002*

Soláthar meastacháin: €3.849 milliún, toradh: €2.379 milliún

Foráiltear le halt 11 den Acht do mhéideanna in ionad a íoc le héilitheoirí a ghlac le dámhachtain ón mBinse nó le tairiscint socraíochta. Mar atá leagtha amach i bhfo-cheannteideal F.3, bhí luach na dámhachtainí a rinne an Binse sa bhliain 2017 níos ísle ná an méid ar buiséadaíodh dó agus, dá bharr sin, bhí na híocaíochtaí ón gciste cúitimh níos ísle ná an méid ar buiséadaíodh dó.

*G.* *Scaipeadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseachán maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte*

Soláthar meastacháin: €1.513 milliún, toradh: €1.162 milliún

Bhí easnamh €0.351 milliún ann ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar nár críochnaíodh roinnt tionscadal a bhaineann leis an gclár Éire Shláintiúil agus tionscadail eile um chur chun cinn agus chosaint na sláinte sa bhliain 2017.

## Caiteachas Riaracháin Chorparáidigh (FSS)

*H.* *Íocaíochtaí cnapshuime pinsin*

Soláthar meastacháin: €96 milliún, toradh: €108.57 milliún

Bhí méadú €12.57 milliún ann ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar go mbíonn sé doiligh scála na gcnapshuimeanna pinsin agus líon na ndaoine a rachaidh ar scor a thuar go cinnte.

## Seirbhísí Eile FSS

J.1 *Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí cosúla (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta)*

Soláthar meastacháin: €7.513 milliún, toradh: €2.7 milliún

Bhí easnamh €4.813 milliún ann ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar nach n-íoctar deontas go dtí go bhfuil coinníollacha an deontais comhlíonta. Tagann moilleanna aníos de bharr ceanglais a bhaineann le faisnéis a chur ar fáil, amhail deimhniú imréitigh cánach agus luachana.

J.2 *Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta – an tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006*

Soláthar meastacháin: €2 milliún, toradh: €0 milliún

Bhí easnamh €2 milliún ann ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar go dtarlaíonn sé, de bharr chineál na n-íocaíochtaí faoin bhfo-cheannteideal seo, go mbíonn sé doiligh uainiú na n-iarrataí ar mhaoiniú a thuar, go háirithe i gcás gur gá ceisteanna a réiteach le linn an phróisis fíorúcháin. Bíonn uainiú na n-íocaíochtaí faoi réir athrú, mar sin. Toisc gur scéim reachtúil í, ní mór don Stát íoc as na dliteanais a thagann chun cinn faoin Scéim. Mar sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go gcoinneofar an maoiniú don Scéim san fho-cheannteideal ábhartha ionas gur féidir freastal ar na dliteanais deiridh.

J.3 *Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2006 - Scéim Árachais*

Soláthar meastacháin: €1.5 milliún, toradh: €0.785 milliún

Bhí easnamh €0.715 milliún ann ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gur próiseas garbhreithiúnach é seo a bhíonn bunaithe ar na héilimh a chuirtear isteach agus mar go mbíonn éagsúlacht shuntasach ann ó bhliain go bliain sna héilimh agus sna dámhachtainí a dhéantar.

J.4 *Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí cosúla (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta)*

Soláthar meastacháin: €60 milliún, toradh: €30.01 milliún

Bhí an meastachán bunaidh €60 milliún le húsáid chun seirbhísí agus saoráidí meabhairshláinte a fheabhsú sa bhliain 2017. Vótáladh meastachán forlíontach €40 milliún don Tionscnamh Geimhridh chun an t-éileamh méadaithe ar sheirbhísí sláinte le linn an gheimhridh a bhainistiú. Tarraingíodh €30 milliún anuas faoi fho-cheannteideal J.4. Aistríodh an €70 milliún a bhí fágtha mar a leanas:

- Aistríodh €67.5 milliún chuig FSS trí fho-cheannteideal I.5 chun íoc as na seirbhísí breise a sholáthraíonn ospidéil dheonacha agus comhbhoird ospidéil
- Aistríodh €2.5 milliún chuig an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála trí fho-cheannteideal E.3 chun íoc as na gnáthaimh a bhí le soláthar do 213 othar a bhí ar liostaí feithimh le haghaidh cóireáil chardatóracsach, cóireáil dromlaigh agus cóireáil ortaipéideach.

J.5 *Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát*

Soláthar meastacháin: €224 mhilliún, toradh: €283.221 milliún

Ba é €224 milliún an soláthar a rinneadh do na híocaíochtaí a dhéanfaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát sa bhliain 2017. Tháinig an difríocht as cineál scéim na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, áit a mbíonn sé doiligh íocaíochtaí móra aonair a thuar. Freastalaíodh ar an róchaiteachas €59.2 milliún trí mheastachán forlíontach €50 milliún agus trí aistriú cistí €9.2 milliún.

J.6 *Seirbhísí do dhaoine faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú ó chuntais dhíomhaoine)*

Soláthar meastacháin: €2.7 milliún, toradh: €0.883 milliún

Bhí easnamh €1.817 milliún ann ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar go bhfuil an maoiniú do thionscadail faoin bPlean Gníomhaíochta 2016 á dtarraingt anuas thar roinnt blianta suas go dtí an bhliain 2019 agus mar nár thosaigh na tionscadail faoin bPlean Gníomhaíochta 2017 ag tarraingt maoiniú anuas ach amháin sa bhliain 2018 de bharr uainiú cheadú an Phlean Gníomhaíochta 2017 ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

## Seirbhísí Caipitil

*L.1 Deontais i leith tógáil, trealmhú (TFC san áireamh)*

Soláthar meastacháin: €14.527 milliún, toradh: €13.608 milliún

Tríd is tríd, bhí easnamh €0.919 milliún ann ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar nár theastaigh ón gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU) maoiniú (€0.911 milliún) le haghaidh oifigí nua a fheistiú ach amháin sa bhliain 2018.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Aisghabháil costas seirbhísí sláinte a soláthraíodh faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh | 280,000 | 277,655 | 277,655 |
| 2 | Fáltais ó dhleachtanna áirithe máil ar tháirgí tobac | 167,605 | 167,605 | 167,605 |
| 3 | Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Oftalmacha ón gCiste Árachais Shóisialta | 3,000 | 2,690 | 2,829 |
| 4 | Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta ón gCiste Árachais Shóisialta | 3,000 | 5,814 | 6,031 |
| 5 | Fáltais ilghnéitheacha | 1 | 105 | 185 |
| 6 | Cuntais dhíomhaoine | 2,700 | 883 | 1,275 |
| 7 | Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí | 3,915 | 4,624 | 4,828 |
| | **Iomlán** | **460,221** | **459,376** | **460,408** |

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €0.845 milliún níos ísle ná an meastachán.

Tá míniúcháin ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

3 *Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Oftalmacha ón gCiste Árachais Shóisialaigh*

Soláthar meastacháin: €3 milliún, toradh: €2.69 milliún

Tháinig an t-easnamh €0.31 milliún as an deacracht a bhíonn ag baint le héilimh faoi scéim na seirbhísí oftalmacha a thuar. Bíonn aga moille ann ar fhaisnéis a bheith ar fáil faoin leibhéal éileamh a bhíonn ag teacht chun cinn. Mar thoradh air sin, bhí an meastachán don bhliain 2017 bunaithe ar an leibhéal éileamh a tháinig chun cinn sa bhliain 2016 agus ar sholáthar a dhéanamh do mhéadú beag ar an bhfigiúr sin. Níor tháinig an méadú tuartha chun cinn. Mar a tharla, bhí laghdú beag ann ar an leibhéal éileamh.

4 *Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta ón gCiste Árachais Shóisialaigh*

Soláthar meastacháin: €3 milliún, toradh: €5.814 milliún

Tháinig an méadú €2.814 milliún as an meastachán a bheith bunaithe ar an bhfigiúr do bhlianta roimhe. Níor cuireadh an méadú atá tagtha ar an toradh le blianta beaga anuas san áireamh sa mheastachán ach oiread. Tá sé beartaithe meastacháin níos beaichte a ullmhú don fho-cheannteideal caiteachais seo as seo amach.

5 *Fáltais ilghnéitheacha*

Soláthar meastacháin: €0.001 milliún, toradh: €0.105 milliún

Tháinig an méadú €0.104 milliún as an deacracht a bhíonn ag baint leis na méideanna a bhíonn dlite in aon bhliain a thuar. Cuirtear méid ainmniúil €1,000 ar áireamh sa mheastachán. I measc na bhfáltas a bhí ann sa bhliain 2017 bhí fáltais i leith táillí ceadúnais faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí agus táillí Saorála Faisnéise.

6 *Cuntais dhíomhaoine*

Soláthar meastacháin: €2.7 milliún, toradh: €0.883 milliún

Bíonn an maoiniú a fhaightear ó Chuntais Dhíomhaoine bunaithe ar an méid a íoctar faoi Fho-cheannteideal J.6 le linn na bliana.

7 *Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí*

Soláthar meastacháin: €3.915 milliún, toradh: €4.624 milliún

Bhí méadú €0.709 milliún ann mar gheall ar an deacracht a bhíonn ag an Roinn an asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí a mheas do ghníomhaireachtaí sláinte. Bíonn an figiúr ag brath ar an líon fostaithe atá ann san earnáil phoiblí agus ar an bpá atá dlite do na fostaithe sin ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann. Is féidir leis an dá thoisc sin bheith éagsúil.

## 4.2 Fáltais bhreise a bhí iníoctha leis an Státchiste

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Méid a bailíodh | 16 | — |
| Méid a aistríodh chuig an Státchiste | — | — |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | **16** | **—** |

## Nóta 5 Líon Fostaithe agus Pá

Is le baill foirne na Roinne Sláinte amháin a bhaineann na sonraí pá agus liúntais agus na sonraí eile luach saothair atá tugtha i Nóta 5. Tá faisnéis mhionsonraithe faoi phá i dtaca le gníomhaireachtaí ar fáil sna tuarascálacha bliantúla iomchuí. Is féidir an fhaisnéis sin a fháil go díreach ó na gníomhaireachtaí féin freisin. Iarradh ar na gníomhaireachtaí an fhaisnéis sin a thabhairt ar a suíomh gréasáin.

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Roinn | 429 | 400 |
| Gníomhaireachtaí | — | — |
| Daoine atá fostaithe go díreach ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 73,871 | 70,927 |
| Fostaithe de chuid seirbhísí deonacha géarchúraim agus seirbhísí deonacha eile (Alt 38) | 40,187 | 39,331 |
| | 114,058 | 110,258 |
| Gníomhaireachtaí eile | 1,592 | 1,563 |
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | **116,079** | **112,221** |

Tá san áireamh i ngníomhaireachtaí eile gach gníomhaireacht a bhíonn ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne, iad siúd nach bhfaigheann maoiniú díreach státchiste san áireamh.

### 5.2 Pá na Roinne

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 24,366 | 22,133 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 199 | 141 |
| Liúntais eile | 1 | 2 |
| Ragobair | 102 | 116 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,465 | 1,170 |
| **Pá iomlán** | **26,133** | **23,562** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - Roinn

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2017 | 2016 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 20 | 7 | 20,584 | 16,653 |
| Liúntais eile | 5 | — | 338 | 407 |
| Ragobair | 43 | 3 | 14,560 | 14,506 |
| Tuarastal breise i níos mó ná catagóir amháin | 8 | 4 | 20,723 | 20,399 |

## 5.4 Socruithe Eile Luach Saothair

Rinneadh íocaíochtaí iomarcaíochta agus scaoileadh dar luach iomlán €43,183 le triúr ball foirne sa bhliain 2017.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí Párolla

B'ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €38,976 (23 chás) (2016: €34,910, 8 gcás). Den tsuim sin, bhí pleananna i bhfeidhm chun €13,052 (5 chás) a aisghabháil ag deireadh na bliana 2017.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| **Fo-cheannteideal** | **Cur síos** | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.2 | Ciste Éirinn Shláintiúil | — | — | 3,286 |
| J.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí cosúla (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 7,513 | 2,700 | 4,255 |
| L.3 | Tógáil, trealmhú agus fearastú saoráidí sláinte (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 2,539 | 2,539 | 2,539 |

Faoi fho-cheannteideal B.2, íocadh méid iomlán €XX milliún le gníomhaireachtaí sláinte agus le heagraíochtaí cosúla eile. Aistríodh an fhreagracht as na deontais seo chuig FSS an 1 Eanáir 2017. Úsáidtear an fo-cheannteideal seo anois don Chiste Éire Shláintiúil, rud nach maoinítear ó airgead an Chrannchuir Náisiúnta.

## 6.2 Cúiteamh agus costais dlí

| | **Líon na gcásanna** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Costais dlí a dámhadh** | **Costas dlí a d'íoc an Roinn/an Oifig** | **2017 Iomlán** | **2016 Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ó Fhostaithe** | | — | — | — | — | — |
| **Éilimh ó bhaill den phobal** | | | | | | |
| Dámhachtainí agus socraíochtaí éilimh | 70 | 3,773 | 1,926 | — | 5,699 | 14,655 |
| **Iomlán** | | **3,773** | **1,926** | **—** | **5,699** | **14,655** |

## 6.3 Coimisiúin agus Fiosrúcháin Speisialta

| | Bliain an Cheapacháin | Caiteachas Carnach go dtí an 31 Nollaig 2017 | Caiteachas sa bhliain 2017 | Caiteachas sa bhliain 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin (Nithe áirithe i dtaobh seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara) | 2017 | 522 | 522 | — |
| **Iomlán** | | **522** | **522** | — |

Foráladh le halt 3 den Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004, do choimisiún a bhunú chun imscrúdú a dhéanamh ar na nithe atá sonraithe in alt 3(a) den Acht agus aon tuairisc a cheanglaítear faoin Acht sin i ndáil leis an imscrúdú a thabhairt. I mí an Mhárta 2017, cinneadh coimisiún imscrúdúcháin a bhunú chun imscrúdú a dhéanamh ar nithe áirithe i dtaobh seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara. Déantar caiteachas an Choimisiúin a mhuirearú ar Fho-cheannteideal D — Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí dlí ilghnéitheacha agus socruithe dlí ilghnéitheacha.

## 6.4 Dliteanais Theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt éileamh lena mbaineann imeachtaí dlí agus a d'fhéadfadh dliteanais a chur ar an Roinn, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.

## 6.5 An tSainscéim Infheistíochta Obstatraice

Sa bhliain 2008, bhunaigh an tAire Sláinte Sainscéim Slánaíochta Obstatraice. Faoin scéim, thoiligh an tAire Ospidéal Bon Secours (Corcaigh) agus Ospidéal Chnoc Chairméal a shlánú maidir le héilimh shonraithe chnáimhseacha. Bunaíodh Ciste le ranníocaíochtaí ón dá ospidéal, ón gCumann um Chosaint Leighis agus ón Roinn Sláinte. Íoctar éilimh ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát de réir mar a eascraíonn siad. Tugann an tAire Sláinte údarás don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát airgead a tharraingt anuas ón gCiste chun freastal ar chostas na n-éileamh sin. Ag 31 Nollaig 2017, b'ionann an t-iarmhéid ar an gciste agus €4.649 milliún. Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bhainistíonn an Ciste agus léirítear an t-ioncam agus an caiteachas gaolmhar i ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát

## 6.6 Ús Íocaíochta Déanaí agus Íocaíochtaí Cúitimh

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis a íocadh | 4 | 2 |

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi Choimirce na Roinne Sláinte

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair ina leith. Léirítear ann, ag deireadh Márta 2018, cén tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus cén uair a leagadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ciste roinne | An tréimhse chuntasaíochta is déanaí | Dáta na tuarascála iniúchóra | An dáta a fuair an tAire/an Roinn na ráitis airgeadais | An dáta a leagadh na ráitis airgeadais faoi bhráid an Oireachtais |
|---|---:|---:|---:|---:|
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 2016 | 16 Bealtaine 2017 | 17 Bealtaine 2017 | 2 Meitheamh 2017 |
| Ospidéal Beaumont | 2016 | 30 Meitheamh 2017 | 9 Lúnasa 2017 | 29 Meán Fómhair 2017 |
| Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath | 2016 | 29 Meitheamh 2017 | 9 Lúnasa 2017 | 9 Lúnasa 2017 |
| Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar | 2016 | 22 Nollaig 2017 | 17 Eanáir 2018 | 17 Eanáir 2018 |
| Ospidéal San Séamas | 2016 | 30 Meitheamh 2017 | 27 Iúil 2017 | 1 Lúnasa 2017 |
| Bord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Phéidiatraigh | 2016 | 28 Meitheamh 2017 | 29 Meitheamh 2017 | 11 Lúnasa 2017 |
| An Chomhairle Náisiúnta Haemaifilia | 2016 | 20 Nollaig 2017 | 22 Márta 2018 | 22 Márta 2018 |
| An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia | 2016 | 20 Meán Fómhair 2017 | 13 Deireadh Fómhair 2017 | 26 Deireadh Fómhair 2017 |
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | 2016 | 30 Meitheamh 2017 | 15 Lúnasa 2017 | 24 Lúnasa 2017 |
| An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte | 2016 | 29 Bealtaine 2017 | 2 Meitheamh 2017 | 10 Iúil 2017 |
| An Bord Taighde Sláinte | 2016 | 30 Meitheamh 2017 | 25 Iúil 2017 | 2 Lúnasa 2017 |
| An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU) | 2016 | 21 Nollaig 2017 | 6 Eanáir 2018 | 13 Feabhra 2018 |
| Bord Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann | 2016 | 28 Meitheamh 2017 | 6 Iúil 2017 | 4 Lúnasa 2017 |
| An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte | 2016 | 29 Meitheamh 2017 | 3 Iúil 2017 | 6 Iúil 2017 |

| Comhlacht/ciste roinne | An tréimhse chuntasaíochta is déanaí | Dáta na tuarascála iniúchóra | An dáta a fuair an tAire/an Roinn na ráitis airgeadais | An dáta a leagadh na ráitis airgeadais faoi bhráid an Oireachtais |
|---|---:|---:|---:|---:|
| An Coimisiún Meabhair-Shláinte | 2016 | 20 Nollaig 2017 | 21 Nollaig 2017 | 12 Eanáir 2018 |
| An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse | 2016 | 22 Meitheamh 2017 | 5 Deireadh Fómhair 2017 | 6 Deireadh Fómhair 2017 |
| An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | 2016 | 25 Eanáir 2018 | 8 Feabhra 2018 | 27 Márta 2018 |
| An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil | 2016 | 22 Nollaig 2017 | 9 Eanáir 2018 | 11 Eanáir 2018 |
| An tÚdarás Árachas Sláinte | 2016 | 22 Meitheamh 2017 | 14 Iúil 2017 | 18 Iúil 2017 |
| An Ciste um Chothromú Riosca | 2016 | 22 Meitheamh 2017 | 7 Iúil 2017 | 18 Iúil 2017 |
| An Bord Altranais agus Cnáimhseachais | 2016 | 28 Samhain 2017 | 22 Nollaig 2017 | 22 Feabhra 2018 |
| Comhairle na nDochtúirí Leighis | 2016 | 14 Iúil 2017 | 11 Lúnasa 2017 | 31 Lúnasa 2017 |
| Cumann Cógaiseoirí na hÉireann | 2016 | 22 Márta 2017 | 10 Bealtaine 2017 | 14 Bealtaine 2017 |
| An Chomhairle Fiaclóireachta | 2016 | 20 Deireadh Fómhair 2017 | 4 Nollaig 2017 | 8 Nollaig 2017 |
| Cuntais Chomhdhlúite Mhaoine Príobháidí Othar | 2016 | 22 Nollaig 2017 | 16 Eanáir 2018 | 16 Márta 2018 |
| An Scéim Aisíocaíochtaí Sláinte (Ciste Síntiús) | 2016 | 20 Nollaig 2017 | 16 Eanáir 2018 | 14 Márta 2018 |
| Cuntas Speisialta don Scéim Aisíocaíochtaí Sláinte | 2016 | 20 Nollaig 2017 | 16 Eanáir 2018 | 14 Márta 2018 |
| Scéim Árachais Heipitíteas C | 2016 | 20 Nollaig 2017 | 16 Eanáir 2018 | 26 Márta 2018 |